Speaking Irish/An Ghaeilge Bheo

Take Your Language Skills Beyond Basics

Gníomhaíochtaí ranga

Classroom activities

Siuán Ní Mhaonaigh

Antain Mac Lochlainn

Classroom activities / Gníomhaíochtaí ranga 16-20

Aonad 16: Cultúr
Gníomhaíochtaí don seomra ranga

Gníomhaíocht réamhéisteachta

Ar ball beidh tú ag éisteacht le Máirín Nic Dhonncha ag déanamh cur síos ar fhéile mhór na Gaeilge, an tOireachtas. Cén t-eolas atá agat féin agus ag an duine in aice leat faoin Oireachtas? An raibh deis agaibh freastal ar aon cheann de na féilte go dtí seo?

Tuiscint

Anois, éist leis an agallamh le Máirín. ***Ón méid a bhí le rá ag Máirín*** an bhfuil na ráitis thíos fíor (✓), bréagach (✗) nó b'fhéidir nach dtugtar an t-eolas in aon chor (✱) Scríobh an comhartha ceart in aice le gach ráiteas sula ndéanann tú iad a phlé leis an duine in aice leat.

(a) Is i gCorcaigh a bhí féile na bliana seo caite. ○

(b) Is sa Ghaeltacht a bhíonn féile na Bealtaine ar siúl. ○

(c) D'fhreastail an-chuid daoine ar an fhéile anuraidh. ○

(d) Is é an damhsa ar an sean-nós is mó a thaitníonn le daoine. ○

(e) Tá cuid mhaith cuairteoirí ag teacht ó Mheiriceá le tamall. ○

An teanga

Ar thug tú faoi deara go ndúirt Máirín "…is muide ceann de na Gaeltachtaí is soghluaiste…sa tír". Féach ar na habairtí thíos agus déan cinneadh cé acu an focal "ceann" nó an focal "duine" atá le dul i ngach bearna. Déan do chuid iarrachtaí a phlé leis an duine in aice leat. Cad a thugann sibh faoi deara?

(a) Táimid faoi bhrú mar tá _____ den fhoireann ar saoire faoi láthair.

(b) Má bhíonn am agat ceannaigh _____de na nuachtáin áitiúla dom.

(c) Fuair _____ de na daoine is sine ar domhan bás le gairid.

(d) Sin _____de na leabhair is fearr a léigh mé riamh.

(e) Ar cheannaigh tú _____ de na cluichí sin do Mháire fós?

(f) Sin _____ de na fir atá ag obair sa mhonarcha nua.

Deachtú

Seo thíos leagan scríofa de phíosa as an agallamh a rinne Máirín. Tá roinnt bearnaí ann. Léigh an sliocht, agus ansin, éist leis an chuid sin den agallamh arís. Scríobh an méid a deir Máirín isteach sna bearnaí. Tabhair aird faoi leith ar litriú na bhfocal agus ar an phoncaíocht.

Bhuel, hmm, is eagraíocht náisiúnta é Oireachtas na Gaeilge, agus tá, a bhfuil sé leagtha de chúram air hmm, na healaíona _____ _____ **(1)** Agus deintear é sin ar bhealaí éagsúla. Reáchtáileann an tOireachtas dhá fhéile chuile bhliain - Oireachtas na Samhna agus Oireachtas na Bealtaine. Á, is féilte iad seo a _____ **(2)** Ní bhíonn siad san áit _____ **(3)** Mar shampla, anuraidh, bhí Oireachtas na Samhna i gCorcaigh agus, i mbliana, beidh sé ar siúl i nDoire Cholm Cille. Hmm, na daoine a fhreastalaíonn ar an bhféile is Gaeilge _____**(4)** agus reáchtáiltear na féilte trí Ghaeilge.

Plé

Déan féin agus an duine in aice leat na ceisteanna seo thíos a phlé.

(a) Cad iad na gnéithe de chultúr na Gaeilge (ceol traidisiúnta, ceol ar an sean-nós, damhsa, litríocht agus araile) is mó a bhfuil spéis agat iontu? An bhfuil aon rud nach dtaitníonn leat in aon chor?

(b) An bhfuil eolas agat ar aon fhéile chultúrtha eile i do thír féin nó thar lear? Ar fhreastail tú ar aon cheann acu riamh?

(c) "Ní fiú dul thar sáile anois mar tá an cultúr céanna gach áit anois." An aontaíonn sibh leis an ráiteas sin?

(d) Cad iad na háiseanna cultúrtha atá san áit a bhfuil cónaí ortsa? An bhfuil saol maith cultúrtha sa cheantar, dar leat?

Aonad 17: Tuairimí 2
Gníomhaíochtaí don seomra ranga

Gníomhaíocht réamhéisteachta

San agallamh a fheicfidh tú ar ball beidh Cian Marnell ag labhairt faoi "chultúr an tí tábhairne" in Éirinn. Déan féin agus an duine in aice leat na ceisteanna seo thíos a phlé.

(a) Cén dearcadh atá agaibh féin maidir le "cultúr an tí tábhairne" in bhur dtír féin nó an bhfuil a leithéid de rud ann?

(b) An ionann an dearcadh maidir le hólachán i dtíortha eile ar thug tú cuairt orthu? Cad iad na cosúlachtaí agus na difríochtaí seachas mar atá i do thír féin?

Tuiscint

(i) Anois, éist leis an agallamh le Cian. Cad é mar a dhéanfá cur síos ar na tuairimí a nochtann sé i leith na rudaí seo a leanas:

- cultúr an óil in Éirinn i gcomparáid le tíortha ar nós na Fraince agus na Spáinne
- an brú a bhíonn ar dhaoine i dtithe tábhairne in Éirinn
- sprionlaitheacht

(ii) Déan féin agus an duine in aice leat an méid a bhí le rá ag Cian faoi na rudaí thuas a phlé.

(iii) An raibh aon fhocal nó aon fhrása san agallamh nár chuala tú cheana? Lorg cabhair ón mhúinteoir nó ó dhaoine eile sa rang mura bhfuil an bhrí soiléir duit nó mura féidir leat a scríobh síos.

Saibhriú focal

(i) Seo thíos roinnt focal agus frásaí a bhaineann le cúrsaí dí. Cén uair a bhainfeá úsáid astu? An bhfuil aon fhocal nó frása eile agatsa a bhaineann le cúrsaí dí? Déan iad a phlé leis an duine in aice leat.

leathphionta do shealsa atá ann

Sláinte! leathcheann braon

caochta slog súgach

Do shláinte! Caith siar é agus ná lig aniar é!

(ii) Féach ar na nathanna cainte seo thíos. An féidir leat buille faoi thuairim a thabhairt faoin chiall atá leo? Déan iad a phlé leis an duine in aice leat mura bhfuil tú cinnte.

- Ceann tinn, béal searbh and pócaí folamh!

- Nuair a bhíonn an deoch istigh bíonn an chiall amuigh.
- Lean seisean den ól agus lean an t-ól de go dtí go raibh an duine bocht ar slabhra aige.
- Sceitheann fíon fírinne.

An teanga

Tá iriseoir chun alt a scríobh faoi chúrsaí sóisialta agus eacnamaíochta ina thír féin. Breacann sé síos roinnt nótaí faoi dheifir. Ar an drochuair déanann sé roinnt botún. An féidir leatsa agus an duine in aice leat na botúin a aimsiú agus a cheartú? Cén chuid den teanga lena mbaineann na botúin go léir?

(a) Tá feabhas nach beag tagtha ar chúrsaí taisteal le cúpla bliain anuas.

(b) Léiríonn staitisticí go bhfuil fadhb an choiriúlachta ag dul in olcas.

(c) Is léir go bhfuil daoine sásta le hobair an rialtas mar sin féin.

(d) Fadhb an bruscair fós ag cur as do dhaoine sna cathracha.

(e) Tá feabhas tagtha ar fhadhb na dífhostaíocht le tamall, ach an mairfidh sin?

(f) Níl aon chuma air go n-ardóidh rátaí ús.

(g) Tá daoine ag léiriú níos mó suim i gcúrsaí timpeallachta.

(h) Feachtas nua ag an rialtas le déileáil le fadhb an ól faoin tuath.

Plé

Déan na ceisteanna seo thíos a phlé leis an bheirt in aice leat.

(a) Is minic a deirtear go mbíonn na hÉireannaigh róthógtha leis an teach tábhairne agus an deoch. An measann tú go bhfuil sé sin fíor nó an steiréitíopa atá ann?

(b) Cad iad na steiréitíopaí a mbaintear úsáid astu go coitianta le cur síos ar:
Éireannaigh
Meiriceánaigh
Francaigh
Sasanaigh

(c) Cén dearcadh a bheadh agat maidir le steiréitíopaí? An dóigh leat go bhfuil siad maslach nó greannmhar nó an mbíonn blúire den fhírinne iontu uaireanta?

(d) Is cinnte go bhfuil fadhb le hólachán coitianta i go leor tíortha ar fud an domhain. Cén dearcadh atá agat maidir leis na rudaí seo a leanas:
- Fógraí do dheochanna meisciúla ar an teilifís.
- Comhlachtaí móra deochanna meisciúla a dhéanann urraíocht ar chomórtais spóirt.

Aonad 18: Cuimhní
Gníomhaíochtaí don seomra ranga

Focal ar fhocal

(i) Ar ball beidh tú ag éisteacht le Dara Ó Cinnéide ag caint faoi bheith ina chaptaen ar fhoireann Chiarraí nuair a bhuaigh siad príomhchomórtas peile na hÉireann. Déan iarracht frásaí agus focail atá ar comhchiall leis na cinn thíos a scríobh síos sula ndéanann tú do chuid iarrachtaí a phlé leis an duine in aice leat.

(a) go brách: _____

(b) onóir: _____

(c) mo ghaolta: _____

(d) cuid mhór: _____

(e) bhí an t-ádh orainn: _____

(f) mí-ádh: _____

(g) cruinnithe ar an bpáirc: _____

(h) inár gcuideachta: _____

(ii) Anois, breathnaigí ar an agallamh. Ar bhain Dara úsáid as aon cheann de na leaganacha a bhí agaibhse? Ar fhoghlaim sibh aon fhocal nó aon fhrása nua?

Tuiscint

Cad atá le rá ag Dara faoi na rudaí seo a leanas:

- An fhoireann a bhí ina gcoinne an lá sin
- An scór
- An ról a bhí aige féin ar an lá
- Muintir Chorca Dhuibhne

Scríbhneoireacht agus plé

Abair go raibh tú i d'iriseoir agus go raibh an deis agat agallamh a chur ar Dhara Ó Cinnéide, captaen buacach na foirne.

(i) Scríobh síos cúpla ceist eile ba mhaith leat a chur air.

_____

_____

_____

(ii) Déan na ceisteanna a scríobh tú a phlé leis an duine in aice leat. Cad iad na freagraí a thabharfadh sé, meas sibh?

An teanga

Tá úsáid na bhforainmneacha réamhfhoclacha thar a bheith tábhachtach sa Ghaeilge.

(i) Féach ar an abairt thíos agus cuir líne faoi na forainmneacha réamhfhoclacha atá ann.

Bhí dúshlán mór romhainn ach d'éirigh linn.

(ii) Déan féin dhá abairt a scríobh ag baint úsáide as forainmneacha réamhfhoclacha.

_____

_____

(iii) Líon na bearnaí sna habairtí thíos.

(a) Bhí mé an-bhuíoch _____ as an tacaíocht a thug tú dom.

(b) Fuair mé bronntanas deas ó Mháire. Caithfidh mé nóta buíochais a chur _____ amárach.

(c) D'éirigh leis na buachaillí sa scrúdú. Tá mé an-bhródúil _____.

(d) Sin thall Seán agus Caitríona Ní Mhurchú. An bhfuil aithne agat _____?

(e) Bhí Máire bhocht ag caoineadh de bharr go raibh na páistí eile ag magadh _____.

(f) Níl muinín ar bith agam _____. Lig sé síos go minic mé.

Plé

Déan na ceisteanna thíos a phlé leis an duine in aice leat.

(a) Cén t-am i do shaol is mó a raibh tú bródúil as rud éigin a bhí déanta agat nó bainte amach agat?

(b) Cad iad na chéad chuimhní atá agat? Cén aois a bhí agat?

(c) Cad iad na cuimhní atá agat ar do chéad lá ar scoil?

Aonad 19: Éire inniu
Gníomhaíochtaí don seomra ranga

Focal ar fhocal

Ar ball feicfidh tú agallamh le Muiris Ó Laoire ina ndéanann sé cur síos ar an tionchar a bheidh ag imircigh ar chultúr na hÉireann. An féidir leat leaganacha Gaeilge de na focail agus na frásaí thíos a scríobh síos? Nuair a bheidh sé sin déanta agat, déan do chuid iarrachtaí a phlé leis an duine in aice leat sula mbreathnaíonn sibh beirt ar an agallamh.

(a) *a positive effect*: _____

(b) *more multicultural*: _____

(c) *you would immediately notice*: _____

(d) *that phenomenon is very interesting*: _____

(e) *it will enrich*: _____

(f) *practical difficulties*: _____

Tuiscint

Déan féin agus an bheirt in aice leat na ceisteanna thíos a phlé.

(a) Cén fáth a luann Muiris Baile Átha Cliath agus Trá Lí?

(b) Cad é an sampla a thugann Muiris a léiríonn an t-ilchultúrachas nua?

(c) An dearcadh dóchasach nó éadóchasach atá aige maidir leis an ilchultúrachas?

Cluiche gramadaí

Féach ar an chluiche gramadaí atá ag deireadh an aonaid seo. Déanfaidh an múinteoir an cluiche a mhíniú duit sula dtosaíonn sibh. Bí cinnte agus comhairle a lorg ón mhúinteoir mura mbíonn sibh cinnte faoi aon cheann de na habairtí!

Léitheoireacht

Labhraíonn Muiris ar thionchar na n-imirceach nua atá ag teacht go hÉirinn san am i láthair. Seo "súil siar" ar chuid de na dreamanna a tháinig fadó. Tá cuid de na focail fágtha ar lár. An féidir libh na bearnaí a líonadh?

Ní inné ná inniu a thosaigh "imircigh" ag teacht go hÉirinn agus d'fhág gach **d**_____ **(1)** acu a lorg ar chultúr agus ar theanga na tíre. Go deimhin, is féidir gur ón mBreatain Bheag a fuaireamar an t-ainm "Gael". Meastar go bhfuil **b**_____ **(2)** aige leis an bhfocal Breatnaise *gwydd*. Ní ainm **r**_____ **(3)** atá ann, áfach, mar ciallaíonn sé "fiáin" nó "barbartha"!

Sa bhliain 795, thug na Lochlannaigh cuairt ar chósta na hÉireann den chéad uair. Bhí sé de **c_____ (4)** orthu nach ndéanaidís aon rud ach mainistreacha a scrios agus manaigh bhochta a mharú. Rinne siad go leor de sin, gan amhras, ach bhí **t_____ (5)** eile ar an scéal. Ba iad na Lochlannaigh a **b_____ (6)** na chéad bhailte in Éirinn. Iadsan a rinne na chéad bhoinn airgid. Chuir siad feabhas mór ar chúrsaí trádála agus loingseoireachta. Go **d_____ (7)**, is focail Ioruaise iad "margadh", "bád", "stiúir" agus "scilling". Faoi dheireadh, shocraigh siad síos, phós ar Éireannaigh agus **d'_____ (8)** as an dúnmharú agus an ghadaíocht. Tá cuid mhór ainmneacha "gaelacha" is féidir a rianadh **s_____ (9)** go dtí na Lochlannaigh, mar shampla Mánas (Magnus) agus Somhairle (Somarliðr).

Is iad na Normannaigh a thóg cuid de na caisleáin agus na heaglaisí is deise in Éirinn. Thug siad an Fhraincis leo freisin, nó **c_____ (10)** den teanga sin. Is léir gur ón bhFraincis a thagann focail mar "gasúr" (*garçon*) agus tá roinnt mhaith eile nach n-aithneofá mar fhocail Fhraincise ar an gcéad amharc. Tá baint ag cuid mhór acu le cúrsaí tógála agus ailtireachta, mar shampla "túr" (*tour*) agus "pálás" (*palais*). Faoi lár an 13ú hAois bhí na Normannaigh "níos **g_____ (11)** ná na Gaeil féin". Bhí uaisle Normannacha ag cumadh **f_____ (12)** i nGaeilge agus bhí cuid acu nach raibh in ann aon teanga a labhairt ach Gaeilge.

Cluiche gramadaí

	An Tús →	1. Tá (3: páiste) sa rang sin.	2. Tá an (oideachas) fíorthábhachtach.	3. Is dóigh liomsa go bhfuil Aoife níos (dathúil) ná Síle.	4. Tá sé ag déanamh (staidéar) ar an Ghaeilge.	5. Tá líon na (turasóir) ag méadú le tamall.
20. Tá an-chuid (buntáiste) leis an teicneolaíocht.	21. Tá sé tar éis (an: scoil) a fhágáil.	22. An bhfuair tú an litir a chuir sí (tú)?	23. (Cas) Liam orm sa siopa inné.	24. An bhfuil aon scannáin (maith) ar siúl faoi láthair?	25. Cá bhfuil siad ina (cónaí) anois?	6. Tá sí (25: bliain) d'aois.
19. Tá an fear sin ag déanamh (obair: mór).	34. Bhí sé ag caint leis an (Uachtarán).	***An Deireadh***	?		26. Is cosúil go bhfuil an aimsir ag éirí níos (te).	7. Nach bhfuil tú (críoch) leis an aiste fós?
18. An bhfaca tú mo leabhar (gramadach)?	33. Bhí sé sa (2ú: áit) sa chomórtas.				27. Seo an (4ú: bliain) don chomórtas seo a bheith ar siúl.	8. Tá an-chuid botún (a: déan) agat sa phíosa sin.
17. (Ól) sé go leor Guinness fadó.	32. Tá súil agam go (bí) tú anseo in am amárach.	31. (Ceannaigh) mé bronntanas duit amárach.	30. D'fhoilsigh sé leabhar (filíocht) le gairid.	29. Chaill mé mo chuid (airgead).	28. Tá Pól chomh (olc) le Brian.	9. (Maraigh) beirt sa timpiste sin aréir.
16. Ar éirigh go maith (í) sa scrúdú?	15. Bhí Pól ar (cuairt) agam inné.	14. Ba mhaith liom an t-amhrán sin a (clois) arís.	13. Tá na siopaí níos (gar) dúinn anois.	12, Tá (2: deartháir) ag Seán.	11. Téann a lán (Meiriceánach) ar saoire go Florida.	10. Tá mé an-bhuíoch (tú) as do chabhair.

Aonad 20: Na Gaeil i Meiriceá Thuaidh
Gníomhaíochtaí don seomra ranga

Gníomhaíocht réamhéisteachta

Ar ball, feicfidh sibh agallamh le Jackie Mac Donncha ag cur síos ar a shinsir a chuaigh ar imirce go Meiriceá. Sula mbreathnaíonn sibh ar an agallamh, déanaigí plé ar an cheist seo thíos i ngrúpaí de thriúr:

Ar tháinig nó an ndeachaigh aon duine de do mhuintir féin ar imirce go Meiriceá nó Ceanada? Conas a d'éirigh leo?

Tuiscint

Breathnaigh ar an agallamh le Jackie agus déan na ráitis thíos a phlé leis an bheirt in aice leat. An bhfuil siad fíor nó bréagach, dar libh, nó an é nach dtugtar an t-eolas in aon chor?

1. D'fhan muintir athair Jackie sa bhaile in Éirinn.

   (a) Fíor ○ (b) Bréagach ○ (c) Ní deirtear ○

2. Bhí an dífhostaíocht go holc i Meiriceá.

   (a) Fíor ○ (b) Bréagach ○ (c) Ní deirtear ○

3. D'fhill cuid mhór daoine ar Éirinn mar bhí an saol i Meiriceá róchrua ar fad.

   (a) Fíor ○ (b) Bréagach ○ (c) Ní deirtear ○

4. Ní raibh aon teagmháil idir muintir Chonamara sa bhaile agus na daoine a chuaigh go Meiriceá.

   (a) Fíor ○ (b) Bréagach ○ (c) Ní deirtear ○

5. Níor réitigh muintir Chonamara leis na hÉireannaigh eile i Meiriceá.

   (a) Fíor ○ (b) Bréagach ○ (c) Ní deirtear ○

6. Laghdaigh daonra Chonamara go mór thart ar dheireadh an 19ú hAois.

   (a) Fíor ○ (b) Bréagach ○ (c) Ní deirtear ○

An teanga

(i) Luann Jackie an focal "cuid" cúpla uair le linn an agallaimh. Go bunúsach, tá dhá bhrí le "cuid":

- *some* nó *part of a whole* mar shampla: "cuid de na daoine", "an chuid is mó den am". Tabhair faoi deara go n-úsáidtear an réamhfhocal "de" sa chás seo.
- *an individual portion or share* mar shampla: "mo chuid airgid", "bhur gcuid páistí". Tabhair faoi deara gur sa tuiseal ginideach a bhíonn an focal tar éis "cuid".

Aisteach go leor, úsáidtear "cuid" le rudaí nach féidir a roinnt nó nach roinntear de ghnáth ("mo chuid gruaige", "a cuid éadaigh"). Corruair, is rudaí teibí iad nó rudaí nach féidir a áireamh ná a thomhas ("bhur gcuid ama", "do chuid eolais").

(ii) Ceartaigh cibé botún a fheiceann tú sna habairtí thíos. Cuir "cuid" isteach nó bain "cuid" amach de réir mar is gá.

(a) Chaith Síle an chuid is mó den samhradh sa Ghaeltacht, agus tháinig feabhas mór ar a Gaeilge.

(b) Thit mé amach leis mar dúirt sé rudaí gránna faoi mo chuid teaghlaigh.

(c) Throid an Ginearál agus a fhir go cróga.

(d) Beidh daoine eile ag déanamh a n-oibre nuair a bheidh tusa fós i do leaba.

(e) Níor bhearr mé mo chuid féasóige le cúpla lá.

(f) Dhíol sí a cuid leabhar Matamaitice nuair a bhí an cúrsa thart.

(g) Tá mé buartha faoi mo chuid sláinte.

(h) Chaith mé an chéad chuid na bliana in Chicago.

(i) Seans go bhfuil cuid den fhírinne ina gcuid scéalta.

(j) Rinne mé mo chuid féin den obair ach ní bhfuair mé mo chuid féin an airgid.

Léitheoireacht

(i) Léigh an píosa thíos faoi chúrsaí imirce. Ná bac go fóill leis na focail atá i gcló dorcha.

Ní fios go díreach cá mhéad imirceach Éireannach atá ina gcónaí go **mídhleathach** i Meiriceá. Is deacair eolas a fháil orthu. Ní ghlacann siad páirt sa **daonáireamh**. Níl vóta acu. Saol rúnda a chaitheann siad, gan aird a tharraingt orthu féin. Measann an *Irish Lobby for Immigration Reform* (ILIR) go bhfuil suas le 50,000 Éireannach "mídhleathach" ann. Deir siad go droch-chaoi orthu ó tharla na **hionsaithe sceimhlitheoireachta** i Nua-Eabhrac, 11 Meán Fómhair 2001.

"Bhí rudaí ceart go leor roimhe sin" a deir Máire, a bhfuil seacht mbliana caite aici i gceantar Baltimore. "Ní raibh an Cárta Glas agam ach bhí mé in ann teacht agus imeacht idir Éire agus Meiriceá." Ní raibh sé deacair obair a fháil, a deir sí. "Tá **dáimh** mhór idir na hÉireannaigh agus na Meiriceánaigh. Tá Béarla againn agus tá caighdeán maith oideachais ag formhór na nÉireannach." D'athraigh an saol go mór tar éis 9/11. Cuireadh **dianslándáil** i bhfeidhm sna aerfoirt agus ag teorainneacha na tíre. Ní raibh Máire in ann cuairt a thabhairt ar Éirinn ó 2001, le heagla nach bhfaigheadh sí cead isteach i Meiriceá arís.

Deir an ILIR go gcaithfidh teacht i gcabhair ar an bpobal Éireannach. Eagraíonn siad **mórshiúlta** i mbailte ar fud Mheiriceá agus iarrann siad ar pholaiteoirí tacú le dlíthe nua imirce a thabhairt isteach. Chuaigh **Aire Gnóthaí Eachtracha** na hÉireann ar

cuairt go Washington DC le cás na n-imirceach a chur i láthair Seanadóirí agus Ionadaithe tofa.

Ach an féidir gur **fimíneacht** atá san fheachtas seo? Cén fáth a mbeadh cearta speisialta ag na hÉireannaigh thar náisiún ar bith eile? Agus in aois seo an Tíogair Cheiltigh, nach féidir leis na hÉireannaigh fanacht sa bhaile? Tá deireadh leis "**an mbád bán**" agus leis an "**deoraíocht** chun an Oileáin Úir". Tá freagra simplí ag an ILIR air sin. Deir siad go bhfuil socruithe imirce speisialta déanta ag tíortha áirithe, an Astráil agus an tSile ina measc. Caithfidh a leithéid de shocrú a dhéanamh idir Éire agus SAM.

(ii) Gabh siar ar na focail atá i gcló dorcha. Ar thuig tú iad? Tá míniú ar gach ceann acu sa bhosca thíos. Bí cúramach. Tá cúpla "míniú" ann nach mbainfidh tú úsáid ar bith astu.

illegal	*parades*	*hypocrisy*	*Minister for Economic Development*	
licence	*census*	*Minister for Foreign Affairs*	*tight security*	
emigrant boat	*fellow-feeling*	*exile*	*terrorist attacks*	*citizenship*

Cur agus cúiteamh

Léigh na ráitis seo thíos agus cuir ciorcal timpeall ar cheann amháin de na litreacha atá os comhair gach abairte. Anois, i ngrúpaí de thriúr déanaigí plé ar gach ceann de na ráitis. An bhfuil sibh ar aon intinn fúthu? Féach ar an eochair sula dtosaíonn tú.

Eochair:
A. Aontaím leis an ráiteas (✓)
B. Ní aontaím leis an ráiteas (**X**)
C. Níl mé cinnte faoin ráiteas seo (**?**)

	✓	X	?
1. Ba cheart do Mheiriceá tús áite a thabhairt d'Éireannaigh mar is oibrithe maithe iad.	A	B	C
2. Ba cheart do Mheiriceá tús áite a thabhairt d'Éireannaigh mar tá Béarla, teanga na tíre, acu.	A	B	C
3. Níor cheart mórán Éireannach a ligean isteach go Meiriceá mar tá jabanna agus airgead go leor sa bhaile acu.	A	B	C
4. Ní fiú d'Éireannaigh dul go Meiriceá mar níl aon difríocht mhór idir an dá thír níos mó.	A	B	C

Speaking Irish/An Ghaeilge Bheo

Take Your Language Skills Beyond Basics

Freagraí na ngníomhaíochtaí

Key for teachers

Siuán Ní Mhaonaigh

Antain Mac Lochlainn

Aonad 16: Cultúr

Tuiscint

(a) Is i gCorcaigh a bhí féile na bliana seo caite. Fíor.
(b) Is sa Ghaeltacht a bhíonn féile na Bealtaine ar siúl. Bréagach. Bíonn an fhéile ar siúl in áiteanna ar fud na tíre.
(c) D'fhreastail an-chuid daoine ar an fhéile anuraidh. Ní deirtear.
(d) Is é an damhsa ar an sean-nós is mó a thaitníonn le daoine. Ní deirtear.
(e) Tá cuid mhaith cuairteoirí ag teacht ó Mheiriceá le tamall. Fíor.

An teanga

(a) Táimid faoi bhrú mar tá **duine** den fhoireann ar saoire faoi láthair.
(b) Má bhíonn am agat ceannaigh **ceann** de na nuachtáin áitiúla dom.
(c) Fuair **duine** de na daoine is sine ar domhan bás le gairid.
(d) Sin **ceann** de na leabhair is fearr a léigh mé riamh.
(e) Ar cheannaigh tú **ceann** de na cluichí sin do Mháire fós?
(f) Sin **duine** de na fir atá ag obair sa mhonarcha nua.
Déan cinnte go dtuigeann na foghlaimeoirí go mbaintear úsáid as "duine" nuair a bhítear ag tagairt do dhaoine agus go n-úsáidtear "ceann" nuair a bhítear ag tagairt do rudaí.

Deachtú

Bhuel, hmm, is eagraíocht náisiúnta é Oireachtas na Gaeilge, agus tá, a bhfuil sé leagtha de chúram air hmm, na healaíona **dúchasacha Éireannacha a chur chun cinn. (1)** Agus deintear é sin ar bhealaí éagsúla. Reáchtáileann an tOireachtas dhá fhéile chuile bhliain - Oireachtas na Samhna agus Oireachtas na Bealtaine. Á, is féilte iad seo a **bhogann thart ó áit go háit. (2)** Ní bhíonn siad san áit **chéanna bliain i ndiaidh bliana. (3)** Mar shampla, anuraidh, bhí Oireachtas na Samhna i gCorcaigh agus, i mbliana, beidh sé ar siúl i nDoire Cholm Cille. Hmm, na daoine a fhreastalaíonn ar an bhféile is Gaeilge **den chuid is mó a labhraíonn siad (4)** agus reáchtáiltear na féilte trí Ghaeilge.

Aonad 17: Tuairimí 2

Saibhriú focal (i)

leathphionta (*half a pint*)
do shealsa atá ann (*it's your round i.e. to buy drinks*)
Sláinte! (*your health / cheers*)
leathcheann (*a half measure used for spirits*)
braon (*a drop of…*ól braon de seo…)

caochta (*very drunk*)
slog (*a mouthful*…ól slog de seo…)
súgach (*merry*)
Do shláinte! (*your health!… a toast*)
Caith siar é agus ná lig aniar é! (*throw it down and don't let it back up*)

Saibhriú focal (ii)

- Ceann tinn, béal searbh and pócaí folamh! (*A sore head, sour mouth and empty pockets…the effects of a nights drinking!*)
- Nuair a bhíonn an deoch istigh bíonn an chiall amuigh. (*When drink is taken sense is out.*)
- Lean seisean den ól agus lean an t-ól de go dtí go raibh an duine bocht ar slabhra aige. (*He pursued drink and the drink pursed him until the poor man was a slave to it.*)
- Sceitheann fíon fírinne (*In vino veritas*)

An teanga

Tá na botúin i gcló dubh thíos. Is é an tuiseal ginideach atá i gceist i ngach cás. Cuir ceist ar roinnt foghlaimeoirí na botúin a mhíniú agus an leagan ceart a sholáthar.

(a) Tá feabhas nach beag tagtha ar chúrsaí **taistil** le cúpla bliain anuas.

(a) Léiríonn staitisticí go bhfuil fadhb **na coiriúlachta** ag dul in olcas.

(b) Is léir go bhfuil daoine sásta le hobair an **rialtais** mar sin féin.

(c) Fadhb an **bhruscair** fós ag cur as do dhaoine sna cathracha.

(d) Tá feabhas tagtha ar fhadhb na **dífhostaíochta** le tamall, ach an mairfidh sin?

(e) Níl aon chuma air go n-ardóidh rátaí **úis**.

(f) Tá daoine ag léiriú níos mó **suime** i gcúrsaí timpeallachta.

(g) Feachtas nua ag an rialtas le déileáil le fadhb an **óil** faoin tuath.

Aonad 18: Cuimhní

Focal ar fhocal (i)

(a) go brách: (i gcónaí)
(b) pribhléid: (onóir)
(c) mo mhuintir: (mo ghaolta)
(d) mórán: (cuid mhór)
(e) bhí sé de sheans linn: (bhí an t-ádh orainn)

(f) mísheans: (mí-ádh)
(g) bailithe ar an bpáirc: (cruinnithe ar an bpáirc)
(h) inár dteannta: (inár gcuideachta)

An teanga
(i) Tá líne faoi na forainmneacha réamhfhoclacha san abairt thíos.
Bhí dúshlán mór **romhainn** ach d'éirigh **linn**.

(iii) Líon na bearnaí sna habairtí thíos.
(a) Bhí mé an-bhuíoch **díot** as an tacaíocht a thug tú dom.

(b) Fuair mé bronntanas deas ó Mháire. Caithfidh mé nóta buíochais a chur **chuici** amárach.

(c) D'éirigh leis na buachaillí sa scrúdú. Tá mé an-bhródúil **astu**.

(d) Sin thall Seán agus Caitríona Ní Mhurchú. An bhfuil aithne agat **orthu**?

(e) Bhí Máire bhocht ag caoineadh de bharr go raibh na páistí eile ag magadh **fúithi / uirthi**.

(f) Níl muinín ar bith agam **as / ann**. Lig sé síos go minic mé.

Aonad 19: Éire inniu

Focal ar fhocal
(a) *a positive effect*: (tionchar dearfach)

(b) *more multicultural*: (níos ilchultúrtha)

(c) *you would immediately notice*: (thabharfá faoi deara láithreach)

(d) *that phenomenon is very interesting*: (tá an feiniméan sin ana-shuimiúil)

(e) *it will enrich*: (saibhreoidh sé)

(f) *practical difficulties*: (deacrachtaí praiticiúla)

An teanga
(i) Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna agus tabhair cóip den bhileog, dílse (dice) agus dhá bhonn airgid dhifriúla do gach beirt. Tá na treoracha don chluiche seo measartha casta, mar sin léigh na treoracha Béarla seo thíos do na foghlaimeoirí:
(a) Place your coins on the square marked "An tús".

(b) Both players should throw the dice. The player with the highest score will begin by throwing the dice again. If he throws a three, for example, he should attempt to complete sentence number three.

(c) If they get the sentence correct they can throw the dice again. However, if they get it wrong or if they don't know the answer the other person may complete the sentence. If he is correct he may throw the dice again.

(d) Players must consult the teacher if there is doubt about the correctness of an answer.

(e) Remind the learners that some of the sentences may not require any changes.

(f) The winner will be the first to reach "an deireadh".

(ii) Seo thíos na habairtí:

1. Tá **triúr páistí** sa rang sin.

2. Tá **an t-oideachas** fíorthábhachtach.

3. Is dóigh liomsa go bhfuil Aoife **níos dathúla** ná Síle.

4. Tá sé ag déanamh **staidéir** ar an Ghaeilge.

5. Tá líon **na dturasóirí** ag méadú le tamall.

6. Tá sí **cúig bliana is fiche** d'aois.

7. Nach bhfuil tú **críochnaithe** leis an aiste fós?

8. Tá an-chuid botún **á ndéanamh** agat sa phíosa sin.

9. **Maraíodh** beirt sa timpiste sin aréir.

10. Tá mé an-bhuíoch **díot** as do chabhair.

11. Téann a lán Meiriceánach ar saoire go Florida. (Tá sé seo ceart.)

12. Tá **beirt deartháireacha** ag Seán.

13. Tá na siopaí níos **gaire** dúinn anois.

14. Ba mhaith liom an t-amhrán sin a **chloisteáil** arís.

15. Bhí Pól ar cuairt agam inné. (Tá sé seo ceart.)

16. Ar éirigh go maith **léi** sa scrúdú?

17. **D'óladh** sé go leor Guinness fadó.

18. An bhfaca tú mo leabhar **gramadaí**?

19. Tá an fear sin ag déanamh **obair mhór**.

20. Tá an-chuid **buntáistí** leis an teicneolaíocht.

21. Tá sé tar éis an scoil a fhágáil. (Tá sé seo ceart.)

22. An bhfuair tú an litir a chuir sí **chugat**?

23. **Casadh** Liam orm sa siopa inné.

24. An bhfuil aon scannáin **mhaithe** ar siúl faoi láthair?

25. Cá bhfuil siad ina **gcónaí** anois?

26. Is cosúil go bhfuil an aimsir ag éirí níos **teo**.

27. Seo an **ceathrú bliain** don chomórtas seo a bheith ar siúl.

28. Tá Pól chomh **holc** le Brian.

29. Chaill mé mo chuid **airgid**.

30. D'fhoilsigh sé leabhar **filíochta** le gairid.

31. **Ceannóidh** mé bronntanas duit amárach.

32. Tá súil agam go **mbeidh** tú anseo in am amárach.

33. Bhí sé sa **dara háit** sa chomórtas.

34. Bhí sé ag caint leis an Uachtarán. (Tá sé seo ceart.)

Léitheoireacht

Seo na focail a fágadh ar lár sa sliocht:

(1) dream

(2) baint

(3) ródheas

(4) chlú / cháil

(5) taobh

(6) bhunaigh

(7) deimhin

(8) d'éirigh

(9) siar

(10) canúint

(11) gaelaí

(12) filíochta

Aonad 20: Na Gaeil i Meiriceá Thuaidh

Tuiscint

Ráiteas 1: Bréagach. Deir Jackie go ndeachaigh an chuid is mó de mhuintir a mháthar agus a athar go Meiriceá.

Ráiteas 2: Fíor

Ráiteas 3: Bréagach. Nuair a d'imigh daoine bhí a fhios ag a dteaghlaigh nach bhfeicfidís arís go brách iad.

Ráiteas 4: Bréagach. Bhí corrlitir á cur abhaile.

Ráiteas 5: Ní deirtear

Ráiteas 6: Fíor

An teanga (ii)

(a) Chaith Síle an chuid is mó den samhradh sa Ghaeltacht, agus tháinig feabhas mór ar a **cuid** Gaeilge.
(b) Thit mé amach leis mar dúirt sé rudaí gránna faoi **mo theaghlach**.
(c) Throid an Ginearál agus **chuid fear** go cróga.
(d) Beidh daoine eile ag déanamh a **gcuid** oibre nuair a bheidh tusa fós i do leaba.
(e) Níor bhearr mé m'**fhéasóg** le cúpla lá.
(f) Dhíol sí a cuid leabhar Matamaitice nuair a bhí an cúrsa thart. (Tá seo ceart.)
(g) Tá mé buartha faoi **mo shláinte.**
(h) Chaith mé an chéad chuid **den bhliain** in Chicago.
(i) Seans go bhfuil cuid den fhírinne ina gcuid scéalta. (Tá seo ceart.)
(j) Rinne mé mo chuid féin den obair ach ní bhfuair mé **mo chuid féin den airgead**.

Léitheoireacht (ii)

mídhleathach: (*illegal*)
daonáireamh: (*census*)
ionsaithe sceimhlitheoireachta: (*terrorist attacks*)
dáimh: (*fellow-feeling*)
dianslándáil: (*tight security*)
mórshiúlta: (*parades*)
Aire Gnóthaí Eachtracha: (*Minister for Foreign Affairs*)
fimíneacht: (*hypocrisy*)
"an bád bán": (*emigrant boat*)
deoraíocht: (*exile*)